C/2026/4642

31.8.2026

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.12601 — ALLIANZ / INGENICO)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(C/2026/4642)

1. An 17 Lúnasa 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Allianz SE ('Allianz', an Ghearmáin);

— Poseidon Holdco S.A.S. (in éineacht lena fhochuideachtaí, 'Ingenico Group', an Fhrainc), atá faoi úinéireacht rialú indíreach faoi láthair ag cistí arna mbainistiú agus arna gcomhairliú ag Apollo Capital Management, L.P. (na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh Allianz rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Ingenico Group ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta dhomhanda seirbhísí airgeadais é Allianz, atá gníomhach in árachas saoil agus neamhshaoil agus i mbainistíocht sócmhainní.

— Is monaróir agus soláthróir domhanda teirminéal íocaíochta díolphointe agus réiteach agus seirbhísí glactha íocaíochta gaolmhara é Ingenico Group, lena n-áirítear bogearraí agus feidhmchláir teirminéil íocaíochta, a sholáthraítear do bhainc, d'fhaighteoirí, do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta agus do cheannaithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12601 — ALLIANZ / INGENICO

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË